

Cuid 1 — Réamhrá

Cúlra leis na Cuntais Leithreasa

Soláthraíonn Dáil Éireann airgead le haghaidh gnáthsheirbhísí ranna agus oifigí rialtais, idir sheirbhísí caipitiúla agus neamhchaipitiúla, mar seo a leanas:

- trí mheastacháin chaiteachais a cheadú le haghaidh na seirbhísí sin le linn na bliana
- trí fheidhm reachtúil a thabhairt do na meastacháin in Acht Leithreasa bliantúil.

Déantar foráil do chaiteachas faoi sraith vótaí agus cuimsítear feidhmeanna gach roinne nó oifige faoi aon vóta amháin nó níos mó. Sa chéad chuid den mheastachán le haghaidh gach vóta (ar a dtugtar an raon), soláthraítear breac-chuntas ar na seirbhísí atá le maoiniú. Cuimsítear an raon san Acht Leithreasa bliantúil agus, ar an ábhar sin, léirítear ann na críocha ar lena n-aghaidh ar cheadaigh Dáil Éireann na cistí.

Ag deireadh gach bliana airgeadais, bíonn ar gach roinn agus oifig cuntas a ullmhú, ar a dtugtar an cuntas leithreasa, le haghaidh gach seirbhíse vótáilte atá á riar faoina cúram. Tá dualgas reachtúil ann sonraí an toraidh don bhliain i gcomparáid leis an méid a sholáthair Dáil Éireann, bunaithe ar shuimeanna airgid thirim na n-íocaíochtaí agus na bhfáltais, a chur ar fáil sa chuntas leithreasa. Léirítear toradh na bliana roimhe freisin chun críche comparáide.

Anuas ar an bhfaisnéis airgeadais reachtúil a sholáthar i gcuntasafocht bunaithe ar airgead tirim, léirítear le gach cuntas leithreasa roinnt faisnéise ar bhonn fabhráithe i nótaí leis an gcuntas.

- Tá ráiteas maidir leis an gcostas oibriúcháin le fáil i Nóta 1 ina dtugtar faisnéis ar chostas na seirbhíse don bhliain.
- Tá ráiteas ar an staid airgeadais le fáil i Nóta 2, mar aon le nótaí míniúcháin gaolmhara, agus tugtar ann faisnéis ar staid airgeadais na seirbhíse ag deireadh na bliana. Áirítear leis sin faisnéis ar cheangaltais chaiteachais agus ar staid iarbhrí na seirbhíse vótáilte i leith an Státchiste ag deireadh na bliana .i.e. an glandliteanas don Státchiste nó an tsuim atá dlite ón Státchiste.
- Tá faisnéis caighdeánach maidir leis na nithe seo a leanas le fáil i nótaí eile leis an gcuntas: caiteachas de réir cláir agus fo-cheannteidil (Nóta 3); fáltais (Nóta 4); agus líon na foirne agus pá (Nóta 5). Tá faisnéis ar aon ní ábhartha eile le fáil i Nóta 6 (ilghnéitheach agus cuntais chiste).
- Cuimsíonn mórán vótaí roinne aguisín ina liostaítear na comhlachtaí Stáit a fheidhmíonn faoi choimirce na roinne ábhartha, agus ina soláthraítear faisnéis faoi thráthúlacht thuairisciú airgeadais na gcomhlachtaí sin.

Cuntasacht agus Socruithe Iniúchadh

Dualgais Oifigeach Cuntasaíochta maidir le Cuntais Leithreasa

Is éard is Oifigeach Cuntasaíochta ann ná an duine - ceann roinne nó oifige Rialtais de ghnáth - a bhfuil an fhreagracht leagtha air ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Acts 1866 as an gcuntas leithreasa bliantúil a ullmhú i ndáil le gach vóta atá faoina chúram. De réir an dlí, ní mór na cuntais a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste tráth nach déanaí ná 31 Márta i ndiaidh dheireadh na bliana cuntais. Ní mór do na cuntais leithreasa cloí le riachtanais *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus le treoracha eile ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá Oifigigh Chuntasaíochta freagrach chomh maith as na cistí poiblí agus as an maoin phoiblí atá faoina rialú a chosaint, as a roinn/n-oifig a riar go héifeachtúil tíosach, agus as rialtacht agus cirte na n-idirbheart uile a thaifeadtar sna cuntais leithreasa.

Ceanglaítear ar Oifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a ullmhú le cur faoi bhráid leis an gcuntas leithreasa. Minítear anseo príomhghnéithe an chreata rialaithe, agus nochtar ann aon laigí ábhartha atá sainaitheanta i bhfeidhmiú na rialuithe agus na céimeanna atá á gcur i gcrích chun déileáil leis na laigí sin.

Dualgais an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Déantar foráil in Airteagal 33 de Bhunreacht na hÉireann d'Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste a dhéanfadh gach íocaíocht amach a rialú thar ceann an Stáit agus a dhéanfadh iniúchadh ar gach cuntas airgid arna riar ag an Oireachtas nó faoina údarás. Is in alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 a chuirtear bonn reachtach faoin iniúchadh a dhéanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste ar na cuntais leithreasa a ullmhaíonn ranna agus oifigí don bhliain airgeadais roimhe sin.

Déanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste a iniúchtaí ar na gcuntais leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht curtha i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta d'Ard-Institiúidí Iniúcháireachta. Is é cuspóir an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ag déanamh an iniúchta ná dearbhú réasúnta a fháil maidir le cibé acu an bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha. Ardleibhéal dearbhaithe atá i gceist le dearbhú réasúnach, ach ní rathaítear leis go mbraithfear i gcónaí míráiteas ábhartha, más ann dó, in iniúchadh a dhéanfar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht. Is féidir le míráitis teacht i gceist de bharr calaoise nó earráide agus meastar gurb ábhartha iad más rud é, astu féin nó le chéile, go bhféadfaí a bheith ag súil leis le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí geilleagracha na n-úsáideoirí arna ndéanamh ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht, déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste breithiúnas gairmiúil a fheidhmiú agus cothaíonn sé sceipteachas gairmiúil i rith an phróisis. Leis an méid sin a dhéanamh,

- déanann sé an priacal go ndéanfaí míráiteas ábhartha ar an gcuntas leithreasa, cibé acu de bharr calaoise nó earráide, a aithint agus a mheasúnú; dearann agus cuireann i bhfeidhm nósanna imeachta iniúcháireachta a oireann don phriacal sin; agus faigheann fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bonn a chur faoina thuairim. Is mó an priacal nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná míráiteas de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon turas, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- tagann sé ar thuiscint ar an rialú inmheánach is ábhartha don iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúcháireachta a leagan síos atá oiriúnach sna himthosca, ach ní chun críche tuairim a chur in iúl ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- déanann sé a mheas cibé acu ar cloíodh leis na forálacha cuntasáíochta i *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
- déanann sé teagmháil leis an Oifigeach Cuntasáíochta maidir le, i measc ábhair eile, raon feidhme beartaithe an iniúchta, an uair atá sé beartaithe é a dhéanamh, agus torthaí suntasacha ón iniúchadh, lena n-áirítear aon easnamh suntasach sa rialú inmheánach a thagann chun solais le linn an iniúchta.

Tar éis an t-iniúchadh a chur i gcrích, bíonn de cheangal ar an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste deimhniú a cheangal le gach cuntas ina sonraítear cibé acu, ina thuairim, an léirítear go cuí sa chuntas na fáiltais agus an caiteachas a bhain leis an vóta, agus aon chás ábhartha a chur ar aghaidh

- má theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a taifeadadh sa chuntas a chur i bhfeidhm do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinne an tOireachtas, nó
- mura bhfuil na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag teacht leis an údarás faoina ndearnadh iad, mar dhea.

Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

Ní bhaineann tuairim an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar an gcuntas leithreasa le ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais an Oifigigh Cuntasáíochta, agus ní nochtann sé aon tuairim dhearbhaithe air sin ach an oiread.

I dtaca le hiniúchadh ar an chuntas leithreasa, bíonn de cheangal ar an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, á dhéanamh sin dó, a bhreithniú an bhfuil an fhaisnéis atá ann ar neamhréir go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó leis an eolas a fuarthas san iniúchadh, nó an cosúil gur míshonraíodh an ráiteas go hábhartha ar bhealach eile. Má chinneann sé, bunaithe ar an obair a rinneadh, go ndearnadh míshonrú ábhartha, bíonn de cheangal air an méid sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar nithe eile

Déanann agus pleanálann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste a iniúchadh ar bhealach a gcuireann san áireamh na tosca ar leith a bhaineann le comhlachtaí Stáit i ndáil lena gcúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin. Tuairiscíonn sé más rud é gurb ann do nithe ábhartha a bhaineann leis an gcaoi ar seoladh gnó poiblí.

Ina theannta sin, tuairiscíonn an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste de réir eisceachta más rud é, dar leis,

- nach bhfuair sé an fhaisnéis agus na míniúcháin go léir a bhí ag teastáil le haghaidh an iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta ionas go bhféadfaí an cuntas leithreasa a iniúchadh go furasta cuí, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

De réir alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, bíonn de dhualgas ar an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste chomh maith tuarascáil a ullmhú gach bliain ar nithe a mheasann sé ar cuí tuairisciú orthu a eascraíonn as a iniúchadh ar na cuntais leithreasa.

Tá nithe áirithe a d'eascair as an iniúchadh ar na cuntais leithreasa don bhliain 2018 leagtha amach i dtuarascáil ar leith dar teideal *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2018*. Sa chás gur eascair nithe den sórt sin, treoraíonn na deimhnithe tuairime ar na cuntais leithreasa faoi seach leis an gcaibidl/na caibidlí ábhartha san tuarascáil sin.